AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.4.2015
COM(2015) 173 final

2012/0360 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1346/2000 ón gComhairle maidir le himeachtaí dócmhainneachta**

GA GA

2012/0360 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1346/2000 ón gComhairle maidir le himeachtaí dócmhainneachta**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2012) 744 final – 2012/0360 COD): | 13. 12. 2012. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 22. 05. 2013. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 05. 02. 2014. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 12. 03. 2015. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Glacadh an togra ón gCoimisiún lena leasaítear an Rialachán Dócmhainneachta an 12 Nollaig 2012. Is é a phríomhaidhm é "cultúr tarrthála" a chur chun cinn san Aontas Eorpach. Is iad seo a leanas príomheilimintí an togra: cuirtear le raon feidhme an Rialacháin chun imeachtaí dócmhainneachta coisctheacha a chlúdach a bhfuil sé d'aidhm acu gnólachtaí a tharrtháil agus réimse mór imeachtaí dócmhainneachta pearsanta a chlúdach; soiléirítear na critéir i gcomhair dlínse (lárionad príomhleasa – COMI) agus cuirtear feabhas ar an gcreat nós imeachta le haghaidh dlínse a scrúdú; bunaítear córas clár dócmhainneachta idirnasctha chun trédhearcacht a mhéadú d'fhéichiúnaithe; feabhsaítear an dealraitheacht cuideachtaí a tharrtháil trí thionscnamh imeachtaí tánaisteacha a sheachaint i gcás ina mbeidh leas creidiúnaithe áitiúla ráthaithe ar dhóigh eile ("imeachtaí tánaisteacha sintéiseacha" mar a ghlaoitear orthu); soláthraítear creat dlí chun imeachtaí ball de ghrúpaí cuideachtaí a chomhordú.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle tacaítear leis na príomheilimintí uile de thogra an Choimisiúin ach roinnt athruithe teicniúla a dhéanamh orthu ó thaobh mionsonraí de. Ar na leasuithe sin tá bearta breise le haghaidh cosc a chur ar thomhailteoirí tóraíocht éagórach fóram a dhéanamh, ceanglas go gcaithfidh tromlach de na creidiúnaithe áitiúla imeachtaí tánaisteacha sintéiseacha a fhaomhadh, agus bunú "imeachtaí comhordaithe grúpa" mar a ghlaoitear orthu. Tacaíonn an Coimisiún leis na leasuithe sin.

As deireadh an phlé neamhfhoirmiúil thrípháirtigh a bhí ann an 15 Deireadh Fómhair 2014 agus an 10 Samhain 2014, tháinig an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún ar

chomhaontú polaitiúil sealadach maidir le téacs an Rialacháin Dócmhainneachta nua (i bhfoirm athmhúnlaithe).

Dhearbhaigh an Chomhairle an comhaontú polaitiúil sin an 4 Nollaig 2014, agus ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 12 márta 2015.

## 4. CONCLÚID

Ós rud é gur comhaontaíodh le linn an phlé neamhfhoirmiúil thrípháirtigh na leasuithe uile atáthar a thabhairt isteach, is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis na leasuithe a ghlac an Chomhairle ina seasamh ar an gcéad léamh.